



An tOmbudsman Pinsean
Pensions Ombudsman

Oifig an Ombudsman Pinsean

Tuarascáil Bhliantúil 2015

Clár Ábhair

Brollach	Leathanach 2
Cuid 1 – Réamhrá	Leathanaigh 3 – 6
Cuid 2 – Achoimre ar an Líon Cás agus Leathanaigh Staitisticí	Leathanaigh 7 – 10
Cuid 3 – Samplaí de na Cásanna ar déileáladh leo in 2015	Leathanaigh 11 – 16
Cuid 4 – Ráitis Airgeadais le haghaidh 2015	Leathanach 17, ar aghaidh

An tUasal Leo Varadkar, TD,
An tAire Coimirce Sóisialaí,
Áras Mhic Dhiarmada,
Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1

A Aire,

Bealtaine 2016

Tá mé sásta an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain 2015 d'Oifig an Ombudsman Pinsean a chur i do láthair. Is é seo an tuarascáil dheiridh a chuirfidh mé i láthair, mar gheall go bhfuilim ag dul ar scor go gairid ó mo phost mar Ombudsman Pinsean.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus as an tacaíocht leanúnach a tugadh do m'Oifig i rith mo thréimhse mar Ombudsman Pinsean, agus mo dhea-mhéin a cur in iúl do mo chomharba – an tUasal Ger Deering, ina ról nua.

Tugtar léargas i dTuarascáil Bhliantúil 2015 atá á cur i láthair agam duit, ar obair agus ar ghníomhaíochtaí na Oifige, mar aon leis na costais a bhaineann le bliain féilire 2015. Tá roinnt samplaí den obair a ndearnamar i rith 2015 agus tráchttaireacht maidir le sa Tuarascáil seo. Tá súil agam go mbeidh sé seo ina chúnamh dóibh siúd atá bainteach i riaradh scéime pinsin agus láimhseáil gearáin mar aon le do ghearánaithe féideartha agus dá gcomhairleoirí.

Bliain dhúshlánach eile a bhí in 2015 d'Oifig an Ombudsman Pinsean; mhéadaigh leibhéal na ngearán a cuireadh isteach arís agus cuireadh cúig chás nua os comhair na hArd-Chúirte i gcomhair achomhairc. Ba mhaith liom aitheantas agus moladh foirmiúil a thabhairt d'obair chrua agus do thiomantas bhuíon beag foirne na hOifige agus an t-ualach oibre sin á bhainistiú.

Níor tharla an cónascadh pleanáilte le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais i rith 2015, cé gur bhogamar isteach chuig áitreabh nua ag Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2 ionas go mbeadh an dá oifig ar an suíomh céanna. Leanamar ag oibriú lenár gcomhghleacaithe sa Bhiúró agus leis na Ranna urraithe áirithe leis an bpleanáil agus an réiteach riachtanach le tacú leis an gcónascadh seo.

Tá an t-éileamh ar ár seirbhísí ard go fóill, agus chun é seo a shásamh, leanfaidh an Oifig ag cuidiú le comhaltáí scéim pinsin agus sealbhóirí Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA) lena ngearáin agus fiosrúcháin a bhaineann le pinsin, ar bhealach chomh praiticiúil agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Beir beannacht,



Paul Kenny, an tOmbudsman Pinsean

CUID 1 – RÉAMHRÁ

Is é an ról atá ag an Oifig iniúchadh agus breithniú a dhéanamh, ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin a bhaineann le scéimeanna pinsin gairme, Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna) agus Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais a bhaineann le míriarachán agus caillteanas airgeadais, agus ar dhíospóidí maidir le fíric nó dlí, a bhainfeadh leo.

D'éabhlóidigh ár bpróiseas um láimhseáil gearán thar na blianta ionas nach dtiocfaidh cinneadh atá ina cheangal dlí, mar a fholáitear faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ach ó líon beag cásanna a ndéanann an Oifig iniúchadh orthu. I gcás go gcinnimid gur féidir gearán a réiteach trí eadráin idir na páirtithe, nó trí threoir/shoiléiriú a thabhairt don ghearánaí maidir lena dteidlíocht sochair agus tuairisciú neamhspleách ar na saincheisteanna díospóide, úsáidimid na modhanna sin.

Inár dtaithí, tá sé níos éasca agus níos soláimhsithe don tomhaltóir, gearáin a láimhseáil ar an mbealach níos neamhfhoirmiúil seo agus dá bharr sin go réitíonn an Oifig iad níos tapúla agus trí phróiseas measúnaithe nach bhfuil chomh achrannach.

Feictear é seo san anailís staitistiúil i Cuid 2 den Tuarascáil seo:- ina léirítear nár eisíodh cinntí ach i 30 de na 393 cás gearáin a chríochnaigh an Oifig in 2015, cé gurbh ionann cásanna eadránaithe/tuairisce agus 260 cás críochnaithe agus gurbh ionann gearáin nach ndeachthas ar aghaidh leo agus 44 cás eile.

D'áiríomar inár tuairisciú staitistiúil sonraí de chásanna nár leanadh ar aghaidh leis na gearáin, mar aon le cásanna nach rabhamar in ann breithniú, tuairisc ná treoir a thabhairt ina leith. Is iad na cásanna deireanacha seo na cásanna a tit lasmuigh dár sainchúram dlí i gcás go meastar gur cuí d'Ombudsman/do Rialaitheoir nó do Bhinse eile breith a thabhairt orthu. D'áiríomar na cásanna seo ar inár staitisticí oibre mar go gcaitear go leor ama agus iarracht mhór chun na gearáin a thagann isteach a scrúdú agus chun an fhaisnéis agus an cháipéisíocht bhreise a theastaíonn chun na sonraí ar fad faoin ngearán a fháil amach agus lena chinneadh ar féidir leis an Oifig dlínse a ghlacadh air.

I gcásanna inar eisigh an Oifig cinneadh foirmiúil, tá foráil faoi Alt 140 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, gur féidir le ceachtar de na páirtithe le gearán achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig an Ard-Chúirt. Nuair a chloiseann an Ard-Chúirt achomharc, féadfaidh sí an cinneadh a chur ar neamhní, a leasú nó glacadh leis.

Mar aon le líon suntasach gearán a láimhseáil in 2015, bhí an Oifig páirteach i gcúig chás achomhairc os comhair na hArd-Chúirte. Rinneadh cinneadh maidir le ceithre achomharc go dtí seo agus tá ceann amháin fód ar feitheamh. Tá an t-ionchur a theastaíonn lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht cheart ar an Oifig sna cásanna achomhairc sin suntasach, mar atá an breith is gá a thabhairt ar na breithnithe a thugtar agus a n-impleachtaí. Ar na cúiseanna seo, is gá rannpháirtíocht na hOifige i gcásanna achomhairc a lua go speisialta i mo thráchtairacht ar ghníomhaíochtaí na hOifige in 2015.

Tá sé sásúil nár éirigh le formhór na n-achomharc in aghaidh mo chinntí, go dáta, agus sna cásanna seo gur sheas an Ard-Chúirt le mo chinntí agus gur bronnadh costais ar an Oifig.

Is féidir foghlaim ó rannpháirtíocht na hOifige sa phróiseas achomhairc, ach níos mionsonraithe ná sin, ó na breithnithe a thugtar agus na fasaigh a bhunaítear sna hachomhairc a thógtar in aghaidh breithnithe na hOifige seo agus Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Saincheisteanna suntasacha iad méid éisteacht achomhairc, cinntí Ombudsman agus an chosaint a thugtar dóibh agus do phróiseas agus nósanna imeachta a n-imscrúduithe a clúdaítear i mbreithnithe na gcásanna achomhairc éagsúla. Tagraítear do roinnt samplaí thíos.

Bhain an cinneadh Finnegan P. i gcás achomhairc *Ulster Bank Investment Funds Ltd. V an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais* ([2006] IEHC 323) scóip achomhairc ó thoradh an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Luadh sa bhreith drogall na Cúirte breith Ombudsman, agus é ag feidhmiú ina réimse saineolais ghairmiúil, a chur ar ceal. Ina bhreith, dhearbhaigh Finnegan P. go mbeadh ar an ngearánaí a bhunú go raibh cinneadh an Ombudsman “*curtha ó bhail ag earráid thromchúiseach agus suntasach, nó sraith earráidí.*”

Ina bhreith in *Murray V Riarthóirí Scéim Aerlínte na hÉireann (Fostaí Ginearálta)* ([2007] IEHC 27), thug Kelly J. (mar a bhí air ag an am) faoi deara:-

“*Níl aon dabht ach go bhfuil nósanna imeachta a Ombudsman níos neamhfhoirmiúla ná nósanna imeachta cúirte*”, – agus –

“*Agus aird chuí ar an gcreat reachtúil agus ar bhreith Finnegan P. in *Ulster Bank Investment Funds Ltd. V an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais* ([266] IEHC 323), tá mé den tuairim, mar riail ghinearálta, in éisteacht faoi alt 140 den Acht, go bhfuil an chúirt seo teoranta don ábhar a bhí os comhair an Ombudsman.*”

Arís, braitheadh ar an mbreith a luadh thuas in *Ulster Bank* i mbreith Kearns P. in *Willis & Daoine Eile V An tOmbudsman Pinsean agus Duine Eile* ([2013] IEHC 352) inar luadh:-

“*Is gá d’aon achomharcóir tairseach ard a thrasnú ó chinneadh ombudsman airgeadais/pinsean. Níl aon deacracht ag an gCúirt glacadh leis gur cheart gur amhlaidh an tástáil ábhartha d’achomharc reachtúil in aghaidh cinnidh an Ombudsman Pinsean agus an tástáil a foláíodh i ndáil leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais arna leagan síos ag Finnegan P. in *Ulster Bank*....*”

Sa bhreith, dúirt Kearns P. freisin:-

“Is léir domsa gurb í an fhoráil ríthábhachtach an fhoráil a chuireann dualgas ar an Ombudsman Pinsean ‘na treoracha sin a thabhairt is a mheasann an tOmbudsman Pinsean a bheith riachtanach nó caoithiúil chun an gearán a shásamh nó an díospóid a réiteach.”

“Glacaim leis, mar gur gá dom, nach bhféadfadh an tOmbudsman Pinsean sa chomhthéacs seo, d’ainneoin tuillteanais an cháis, cinneadh a dhéanamh go dlisteanach nár ceadaíodh sa dlí. Ach faoi réir an bhreithnithe sin amháin, tá lánrogha suntasach aige toradh cóir a cheadú agus a bhaint amach i ndáil le gearán.”

“...Tá mé sásta nár cheart don Chúirt seo seasamh isteach chun a chonclúidí a chur go leataobh (conclúidí saineolaí sa réimse seo) ach amháin i gcás gur féidir earráid dlí soiléir agus tromchúiseach a léiriú. Níor léiríodh earráid den chineál sin agus ní féidir a bheith in aon amhras ach gur bhain a chinneadh toradh cóir amach sa mhéid is a bhain sé leis an ngearán áirithe seo.”

I mbreith Finlay Geoghegan J. i *Millar V an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais* ([2015] IECA 126), luadh-

“Ní ceist dlí amháin atá i dtógáil conartha. Ceist í a bhaineann le dlí agus fíricí...

Ní cheadaítear don Ard-Chúirt ar achomharc de bhun alt 57CM ‘scrúdú a dhéanamh arís’ ar thógáil conartha a chuir an tOmbudsman ar théarma ábhartha conartha. Seachas sin, ba cheart dó a chur san áireamh cibé ar chruthaigh an t-achomharcóir ar chothromaíocht na dóchúlachta, go raibh earráid i dtógáil an Ombudsman sna hábhair os a chomhair.”

Ba é an tAire Oideachais agus Eolaíochta agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe V an tOmbudsman Pinsean ([2015] IEHC 466) an dara achomharc ar chinneadh an Ombudsman Pinsean sa chás. Mar thoradh ar an gcéad achomharc, cuireadh an gearán ar ais faoi bhráid an Ombudsman Pinsean, trí Ordú ó Uachtarán na hArd-Chúirte. Tar éis athbhreithnithe, d’eisigh an tOmbudsman an dara cinneadh – a bhí faoi réir an achomhairc thuasluaite in 2015.

Agus an t-achomharc á éisteacht, dhiúltaigh an Breitheamh Max Barrett cás na nAirí agus dúirt sé go raibh sé ag cinneadh “gan cheist” i bhfabhar an Ombudsman Pinsean. Ina bhreith scríofa, luaigh sé, i measc nithe eile, cásanna *Millar* agus *Wills* agus d’áirigh sé na ráitis seo a leanas:-

“Maidir le cás Bhean Mhic Dhiarmada, tháinig an tOmbudsman Pinsean (faoi dhó) ar an gcinneadh deiridh go gceadaítear sa dlí (go háirithe i dtéarmaí na nithe a d’ordaigh an Ard-Chúirt ar an 4 Nollaig 2003) agus a chomhaontaíonn le cothroime. Rud a bhí cabhrach ba ea go raibh an ní a bhí cóir an-soiléir sa chás seo.”

“...is léir don chúirt go raibh na nósanna imeachta ar ghlac an tOmbudsman Pinsean leo sa chás seo cóir agus gur chloígh siad le dualgais reachtúla.”

“...ní fhaigheann an chúirt aon easnamh ná earráid i nósanna imeachta an Ombudsman Pinsean sna nósanna imeachta laistigh a mbeadh gá a chinneadh a tharchur lena bhreith athuair.”

“...is léir don chúirt go bhfuil na cúiseanna arna leagan amach i ndara agus cinneadh deiridh an Ombudsman Pinsean níos mó ná imleor. Níltear ag súil nó ní gá go mbeadh cinneadh Ombudsman i gcás ar bith chomh mionsonraithe is a bheifí ag súil leis i mbreith Cúirte.”

Ranna Rialtais nó Gníomhairí Rialtais ba ea na hAchomharcóirí i dtrí cinn de na ceithre achomharc deireanacha in aghaidh chinntí an Ombudsman Pinsean. Go neamhghnách, ba é a ceathrú Achomharcóir gearánaí aonair agus ní an fostóir, iontaobhaí ná páirtí freagróra sa ghearán.

Tugadh soiléire sna breithnithe a tugadh sna hachomhairc in aghaidh chinntí an Ombudsman Pinsean agus an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, maidir le cineál agus scóip achomhairc, arna cheadú faoi reachtaíocht ar leith a rialaíonn oibríochtaí Oifigí na nOmbudsman faoi seach. Úsáideadh iad seo lena chinneadh céard ar is féidir breith a dhéanamh faoi achomharc, critéir na gCúirteanna chun fothaí achomhairc a luacháil, agus an tagarmharc is gá d’achomharcóirí a bhaint amach ionas go n-éireodh le hachomharc. Laistigh de na breithnithe, tugadh aird ar lánrogha/cumhacht na nOmbudsman chun imscrúduithe a bhainistiú, chun teacht ar chinntiú, mar aon le réitithe córa agus cothroma le díospóidí a mholadh. Léirigh na Cúirteanna urraim ar údarás agus ar shaineolas gairmiúil na nOmbudsman agus drogall chun breithnithe Ombudsman a ndearnadh taighde maith ina dtaobh agus a bhí cáilithe a chur go leataobh nó cuir isteach orthu.

Mar a fheictear i dTábla 2.2, Cineál na Saincheisteanna Gearáin, bhain formhór na ngearán nua leis an Oifig in 2015 le saincheisteanna ag eascairt as coinníollacha chomhaltacht scéime, nochtadh faisnéise agus ríomh, luach agus íocaíocht sochair scoir.

CUID 2 – Achoimre ar an Líon Cás agus Staitisticí 2015

Fuair m’Oifig 1413 cás nua in 2015. Cé gur ionann é seo agus méadú 7% ar an líon iomlán cásanna a bhí againn in 2014, tá sé fós níos ísle ná an líon cásanna a fuair an Oifig in 2013, mar sin ní féidir a rá gur táscaire de threocht aníos atá ann.

Thosaíomar 2015 le 148 cás gearáin de láimh againn. I rith 2015, d’athosclaíomar 28 seanchás agus fuair 1,413 cás nua agus b’ionann an líon cásanna iomlána a bhí idir lámha do 2015 agus 1,589. Tar éis 1,489 cás a chur i gcrích i rith 2015, chríochnaíomar an bhliain le 100 cás gearáin de láimh. Léiríonn sé seo laghdú 32% sa líon cásanna de láimh ag deireadh 2015, i gcomparáid le deireadh 2014.

Is é an chéad rud a déantar le cás ar bith a thagann chuig m’Oifig scagadh tosaigh a dhéanamh ar an gcás chun an méid faisnéise agus is féidir a bhailiú go tapa chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach gan gá le dianscrúdú. Tá sé de thaithí againn gur féidir formhór na gcásanna a cuirtear os ár gcomhair a réiteach tríd an scagadh tosaigh seo trí ghlaio teileafóin nó trí mhalartú gairid ríomhphost.

Mura réitítear an cheist sa scagadh tosaigh bíonn gá comhad gearáin mionsonraithe a oscailt don chás. Ansin, déantar scrúdú críochnúil ar na comhaid ghearáin agus féadfaimid iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach trí eadráin neamhfhoirmiúil. Murar féidir an cheist a réiteach tar éis scrúdú críochnúil nó trí eadráin neamhfhoirmiúil, cuirfear tús le himscrúdú foirmiúil. Tá toradh an imscrúdaithe foirmiúil ina Chinneadh Deiridh atá ina cheangal deiridh.

Oscloíodh comhaid ghearáin mhionsonraithe i leith 393 den 1,489 cás críochnaithe in 2015.

Leagtar amach i bhFíor 2.1 thíos an seasamh i ndáil le gach cás don bhliain 2015.

Fíor 2.1 – Achoimre ar an Líon Cás in 2015

Bliain	Cásanna Nua a Fuarthas	Cásanna Tugtha ar Aghaidh	Cásanna Athoscailte	Líon cás iomlán 2015	Cásanna Críochnaithe	Cásanna ar láimh ag deireadh na bliana
2015	1413	148	28	1589	1489	100

Anailís ar Chásanna Gearáin Mionsonraithe in 2015

Tagraíonn na staitisticí a luaitear sa chuid seo den tuarascáil do chásanna gearáin mionsonraithe arna láimhseáil ag m’Oifig sa bhliain 2015. Ní choinnímid staitisticí cuimsitheacha ach maidir le cásanna ar osclaíodh comhaid ghearáin mhionsonraithe ina leith.

Mar a luadh, thosaíomar 2015 le 148 cás gearáin de láimh againn. I rith 2015, d’athosclaíomar 28 seanchás, agus bhunaíomar 317 cás gearáin mionsonraithe nua, chun líon cásanna iomlán 493 a thabhairt dúinn. Tar éis dúinn 393 díobh seo a dhúnadh in 2015, chríochnaíomar an bhliain le 100 cás gearáin mionsonraithe de láimh.

Fíor 2.2 – Cineál na Saincheisteanna Gearáin Nua

Cineál an Imscrúdaithe	2014	2015
Lacáiste/Pinsean Forlíontach	0	1
Ranníocaíochtaí Breise Deonacha	6	3
Ceisteanna faoi ARF/AMRF	1	2
Bannaí ceannaigh thar barr amach	1	1
Ríomh na sochar	84	64
Aisíocaíochtaí ranníocaíochta	4	3
Nochtadh faisnéise	25	35
Luathscor	8	3
Saincheist um Chaitheamh go Cothrom	3	1
Luachanna Ciste	16	34
Fiosrúchán ginearálta	8	3
Drochshláinte	9	4
Íocaíocht mhícheart / dhéanach / gan aon sochar	28	33
Faisnéis mhícheart a thugann ionchas bréagach	1	4
Coinníollacha ballraíochta/iontrála	12	13
Mídhíol	0	4
Saoradh Pinsin	2	6
Orduithe Coigeartuithe Pinsean	2	5
Méaduithe iarscoir	1	0
Caomhnú sochar	6	8
Íocaíocht ranníocaíochtaí	11	19
Sochair chéilí agus chleithiúnaithe	11	11
Aistrithe	16	11
Foirceannadh	14	10
Blianta seirbhíse – costas / creidmheas	12	39
	281	317

Fíor 2.3 – Críochnú Gearáin de réir cúise in 2015

Críochnú de réir Cúise	2014	2015
Moladh go raibh gá le IDR	14	14
Achomharc – Seasadh le Cinneadh	1	3
Achomharc – Nach ndeachthas ar aghaidh leo	0	1
Achomharc – Níor seasadh le Cinneadh	1	0
Ní dheachthas ar aghaidh le gearán	51	44
Forghníomhú déanta	1	1
Níor bhain forghníomhú le OPO	1	0
Cinneadh Deiridh – Níor Seasadh le Gearán	11	21
Cinneadh Deiridh – Seasadh le Gearán	16	9
Níorbh fhéidir imscrúdú a dhéanamh de bharr gníomh dlí	2	1
OTOR*	14	20
OTOR* – Cuir faoi bhráid Ombudsman/Rialaitheoir Eile	23	19
Tugadh Tuairisc agus Treoir	209	214
Eadráin Rathúil	50	45
Eadráin Neamhrathúil	3	1
Iomlán	397	393

* OTOR = Taobh amuigh de Théarmaí Tagartha

Mar a rinneamar le roinnt blianta anuas, dúnaimid formhór cásanna gan an gá le cinneadh a bhfuil ceangal dlí aige a eisiúint. Mar a léirítear sa tábla thuas, eisíodh Cinntí Deiridh i níos lú ná 8% de chásanna a chríochnaigh m’Oifig in 2015. Ba léir dúinn go rabhamar in ann saincheistanna gearáin a shoiléiriú, measúnú neamhspleách a thabhairt agus rudaí a chur chun cinn i dtreo réitigh ar bhealach nach raibh chomh hachrannach agus níos tapúla mar gheall gur ghlacamar le headráin níos neamhfhoirmiúla nó cur chuige tuairiscithe/treorach.

Fíor 2.4 – Achoimre de réir Earnála ar chásanna nua in 2015

Cineál Scéime	2014	2015
Scéim san Earnáil Phoiblí	95	128
Scéim san Earnáil Phríobháideach	174	182
Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA)	7	5
	276	315
Níl sé sonraithe	5	2
	281	317

Faoi mo shainchúram, is féidir liom scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar dhíospóidí a eascraíonn as Scéimeanna Pinsin san Earnáil Phríobháideach agus Phoiblí, cé nach bhfuil an t-údarás agam scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ná ar dhíospóidí a bhaineann le Sochair Stáit iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, a bhfuil a Oifig Achomhairc féin aici.

Sna luathbhlianta d'Oifig an Ombudsman Pinsean, 2003-2005, b'ionann an coibhneas idir gearáin faoi Scéimeanna Pinsin san Earnáil Phríobháideach agus Phoiblí agus timpeall 3:2. D'athraigh an coibhneas seo de bheagán thar na blianta ach in 2015 chuaigh sé ar ais chuig an gcoibhneas céanna 3:2.

Fíor 2.5 – Deighilt Inscne

Ar an gcaoi chéanna, tá athrú tagtha ar an Deighilt Inscne thar na blianta a bhfuil an Oifig seo i bhfeidhm.

Inár gcéad bhliain 2003/04, tháinig timpeall 80% de na gearáin a fuair am ar ó fhir agus 20% ó mhná. Is féidir liom a thuairisciú gur tháinig timpeall 65% de ghearáin nua in 2015 ó fhir agus 35% ó mhná.

Inscne	2014		2015	
	Líon	Céatadán	Líon	Céatadán
Níl sé sonraithe		0%	2	0.6%
Baineann	106	38%	110	34.7%
Fireann	175	62%	205	64.7%
	281		317	

CUID 3 – Samplaí de na Cásanna ar déileáladh leo in 2015

Cás A: Comhaltacht sa Scéim um Chéilí agus Leanaí

Nuair a sroicheadh a haois scoir éigeantach, moladh d’fhostaí sa tSeirbhís Phoiblí nárbh chomhalta den Scéim um Chéilí agus Leanaí í, agus nach mbeadh aon sochair iníoctha lena ndaoine cleithiúnacha i gcás a báis tar éis scoir.

Nuair a cheistigh sí é seo, mhol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) di gur liostaíodh í i litir a fuair siad óna Roinn tuismitheora, agus ainmníodh oifigigh a roghnaigh diúltú don scéim nuair a tugadh isteach é.

Ní raibh aon chuimhne ag an ngearánaí ar dhiúltú don scéim agus deir sí go raibh sí ar saoire nuair a tugadh an scéim isteach. Nuair a rinneadh tuilleadh scrúdaithe ar an gcás, aimsíodh nach raibh aon taifead ag an bhfostóir ar an rogha sin ar a comhad pearsanra agus, d’ainneoin riachtanais shainráite na Roinne Airgeadais ag an am, níor coinníodh an cháipéisíocht bhunaidh maidir le diúltú don scéim, seachas don fhostaí amháin sin.

Níor chuir mé tús le hiniúchadh foirmiúil ar an gcás seo ach rinne mé uiríll don DPER d’fhoneo réiteach cothrom a idirbheartú ar an bhfadhb. D’fhreagair siad go dearfach agus dúirt siad, agus aird an cheist arna chur san áireamh acu:-

“i bhfianaise chomhairle an Ombudsman Pinsean agus i bhfianaise imthosca eisceachtúla an cháis seo:

- *Go raibh an t-oifigeach ar saoire tráth an roghnú le diúltú don scéim.*
- *Nach raibh aon chuimhne aici ar dhiúltú don scéim ná go gcreideann sí gur rud é a dhéanfadh sí.*
- *Nach bhfuil taifid [ag an bhfostóir] gur thairg siad an scéim seo don fhostaí seo.*
- *Nach bhfuil aon taifid acu ar an bhfoirm le diúltú don scéim ar a taifid phearsanta.*

Féadfaimid a mholadh gur féidir leis an oifigeach dul isteach sa scéim um Chéilí agus Leanaí chomh fada is a íocann sí ar ais na ranníocaíochtaí cuí ag 1% de thuarastal inphinsin le haghaidh gach bliain dlite de réir cleachtas caighdeánach air seo.”

Cé go raibh mé cáinteach cheana faoi roinnt de na rialacha daingne agus an forfheidhmiú dian a bhaineann le soláthar um Chéilí agus Leanaí sa tseirbhís phoiblí, tá an-áthas orm gur thángthas ar thoradh chomh cóir sa chás seo, agus gan ghá le treoir a bheadh ina cheangal dlí ó m’Oifig.

Cás B: Líomhain calaoise

Fuair mé gearán ó fhostóir, inar éiligh sé lian ar na sochair faoi scéim pinsin agus ina ndearnadh líomhain calaoise in aghaidh an t-aon chomhalta, iar-stiúrthóir na cuideachta.

Ní fhéadfainn tráchttaireacht ná breith a dhéanamh ar an líomhain dheiridh ach mhol mé don chuideachta go gcaithfí aon lian a d'fhéadfaí a éileamh in aghaidh na sochar a fhorfheidhmiú trí na Cúirteanna. Idir an dá linn, cé nach bhfuil aon seasamh ag fostóirí chun gearáin a thabhairt chuig an Oifig, chinn mé scrúdú a dhéanamh ar na páipéir, mar gur ardaíodh roinnt mhaith ceisteanna sa cháipéisíocht a tugadh dom, a raibh inní orm fúthu.

Dúirt an Chuideachta Árachais lena mbaineann gur bunaíodh an scéim i 1986 agus an iar-stiúrthóir mar an t-aon chomhalta. Shínigh sé litir mhalairte agus taifeadadh ar a gcórais é mar stiúrthóir 20% chuideachta.

In 2013, chuir an fostóir in iúl do na hárachóirí nach raibh sé ina stiúrthóir a thuilleadh agus chuir an Chuideachta athrú seolta ar fáil chomh maith. Ag an am sin, nuashonraigh na hárachóirí an seoladh ina gcóras, ach ar an drochuair, níor athraigh siad stádas an stiúrthóra i gceart ina dtaifid.

In 2014, fuair na hárachóirí Foirmeacha Rogha Aibíochta trí bhróicéir nach raibh aon déileálacha acu roimhe sin leis an scéim. B'ionann na sínithe a bhí air agus na sínithe ar an bhfoirm iarratais bhunaidh agus ar an litir mhalairte, a shínigh an comhalta, agus cur síos á dhéanamh aige air féin mar “stiúrthóir” agus d'athdheimhnigh sé a stádas mar stiúrthóir ar an bhFoirm um Riachtanais Seiceála Maoinithe. Mar thoradh air seo, ghlac siad lena shíniú chun na socair a tharraingt anuas, agus chun an bróicéir nua a cheapadh mar bhróicéir airgeadais leis an scéim. Ní raibh an bróicéir ar an eolas nach raibh sé ina stiúrthóir den chuideachta fostóra a thuilleadh agus chuir sé na cáipéisí ar aghaidh chuig na hárachóirí i ndea-thoil.

Tar éis tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na cáipéisí arna síniú ag an gcomhalta tráth a d'imigh sé ar scor, aimsíodh go ndearna sé cur síos air féin mar iontaobhaí na scéime, nuair ba é an t-iontaobhaí ó cheart an fostóir a rinne an gearán. D'fhreagair an comhalta, atá ar scor anois agus atá ag fáil sochair faoin scéim, litir uaimse inar leag mé amach na saincheisteanna thuas trí mé a chur ar aghaidh chuig a dhlíodóir.

Mar gheall nach bhfuil an t-údarás ag m'Oifig iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí calaoise, b'éigean dom a chur in iúl don fhostóir nach bhféadfainn dlínse a ghlacadh ar an ngearán seo. Is í an tuiscint atá agamsa go ndearna an fostóir teagmháil leis an nGarda Síochána i ndáil leis an líomhain chalaioise.

Faoi na prótacail a aontaíodh inár Meamram Tuisceana, chuir mé an cás faoi bhráid an Údarás Pinsean, mar rialaitheoir freagrach as sárúithe féideartha san Acht Pinsean.

Cás C: Ordú Coigeartuithe Pinsean agus Blianta Breise Gairmiúla

Fuair an Oifig níos mó ná fiosrúchán amháin faoin ábhar seo, ónar theastaigh roinnt scrúdaithe dár gcuid ach níorbh éigean ná níor eisíodh aon chinntí foirmiúla.

Bhain na fiosrúcháin seo le hOrduithe Coigeartaithe Pinsin (PAO) i gcásanna seirbhíse poiblí nuair a ceistíodh ar cheart “blianta gairmiúla breise” a bhí le bronnadh ar an gcéile comhalta a thuiscint san Ordú Coigeartaithe Pinsin.

Is é tionchar an PAO gné de shochar pinsin an chéile comhalta a bhronnadh ar an gcéile neamhchomhalta. Go minic, go háirithe nuair a bhíonn maoin tí i gcothromas diúltach, d’fhéadfadh na teidlíochtaí pinsin a bheith ar cheann de na sócmhainní ba luachmhaire atá ar fáil le dáileadh i gcás scartha nó colscartha.

Faoi formhór na scéimeanna poiblí níl aon fhoráil chun Blianta Gairmiúla Breise a dheonú ar chomhaltaí incháilithe áirithe. Seo hiad na blianta breise seirbhíse barúlacha a bhronntar chun críocha pinsin i gcásanna ina sonraítear sna coinníollacha incháilithe do phost an riachtanas do cháilíocht ghairmiúil agus b’fhéidir gur gá tréimhse ábhartha taithí oibre a chomhlíonadh. Is é an rún atá taobh thiar de na Blianta Gairmiúla Breise aitheantas a thabhairt go srianfaí seirbhís inphinsin comhalta mar gheall ar an am a theastaíonn chun an cháilíocht agus an taithí ghairmiúil ábhartha riachtanach a fháil don phost ar leith.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an saincheist seo, bhí mé den tuairim, ar na cúiseanna seo a leanas, nach bhféadfaí an tseirbhís bharúlach seo a chur san áireamh agus pinsean ionchais foriomlán an chéile comhalta a ríomh ag pointe an fhorógra scartha nó cholscartha.

1. Ní féidir leis an PAO ach sochair a *tabhaíodh* go dtí dáta an fhorógra scartha nó cholscartha a chur i bhfeidhm.
2. Ní thabhaítear Blianta Gairmiúla Breise go dtí an pointe scoir, agus faoi dheireadh ní féidir iad a bhronnadh fiú – tá teagmhais áirithe ann nach féidir dámhachtain ar bith a dhéanamh, nó go laghdaítear dámhachtain tuartha.
3. Dá mba mhian leis an gcéile neamhchomhalta a s(h)uim sa scéim a aistriú chuig scéim phinsin nó banna eile (atá ina cheart reachtúil faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh), níor cheart Blianta Breise a áireamh, mar nár bronnadh go fóill iad.

Chuir mé na hiarrthóirí ar fad ar an eolas faoin gcúis nach bhféadfaí an tseirbhís bharúlach seo a bheith ina cuid den sochar le tabhairt san áireamh in Ordú Coigeartuithe Pinsin agus ní dheachaigh na cásanna ar aghaidh níos faide.

Cás D: Sochair Iarchurtha

Bhain sé seo le díospóid maidir le ríomh an tsochair dlite do chomhalta a d'fhág fostaíocht roinnt mhaith blianta roimhe sin agus a bhog amach as an dlínse. Ní raibh aon teagmháil aici le hiontaobhaithe na scéime ó d'fhág sí seirbhís agus cónascadh an scéim ina raibh sí ina comhalta le scéimeanna eile de chuid an Ghrúpa lenar bhain an fostóir.

Thar na blianta, tháinig riarthóir inmheánach in ionad an riarthóir gairmiúil bunadh, ach ina dhiaidh sin rinneadh seachfhoinsiú arís air chuig gnólacht gairmiúil eile. Nuair a rinne an comhalta iarratas ar a pinsean, tugadh figiúr di a bhí mícheart, agus a laghdaíodh go suntasach ina dhiaidh sin. Níor chothaigh sé seo muinín, go háirithe ó tharla gurb é an míniú a tugadh ba ea gur tiontaíodh an pinsean iarchurtha bunaidh, a cuireadh in iúl i bpoint Éireannacha, ina dtaifid go Euro, ach ina dhiaidh sin gur “ath-thiontaíodh” ina Euro arís é – i bhfocail eile, méadaíodh an figiúr bunaidh faoi 1.61 in ionad faoi 1.27.

D'eascair fodhíospóid maidir leis an tuarastal a úsáideadh chun bunmhéid an phinsin iarchurtha a ríomh, agus figiúr an tuarastail a d'fhéadfaí a úsáid chun an cnapshuim saor ó cháin iníoctha tráth scoir a ríomh.

Ba amhlaidh nach raibh aon taifead tuarastail ar fáil ón bhfostóir don tréimhse sin, agus ní raibh an riarthóir ach ag oibriú siar ón bpinsean agus an tseirbhís inphinsin chun tuarastal a mheas. Bhí an comhalta in ann Teastais P60 a chur ar fáil mar fhianaise ar thuilleamh stairiúil.

Ina dhiaidh sin bhí imscrúdú ina ndearnadh dianscrúdú ar rialacha na scéime, agus an sainmhíniú beagán aisteach ar “thuarastal inphinsin” a bhí ann agus faisnéis ghinearálta phá a fháil don tréimhse a bhí i gceist don tionscal inar thrádáil an fostóir. Mar thoradh air seo, bhí mé in ann mé féin a shásamh, ar chothromaíocht na dóchúlachta, gur úsáideadh an figiúr tuarastail inphinsin ceart chun an sochar pinsin iarchurtha a ríomh. Bhí an figiúr tuillimh a léiríodh sa P60 deireanach a cuireadh isteach chuig na Coimisinéirí Ioncain níos airde ná figiúr tuarastail inphinsin na scéime agus chinn mé go bhféadfaí an figiúr tuarastail deiridh níos airde a úsáid mar bhunús chun an tsuim airgid saor ó cháin iníoctha tráth scoir a ríomh.

Sa chás seo, rinne an fostóir íocaíocht bhreise leis an ngearánaí, mar aitheantas ar an moill agus an mhíchaoithiúlacht a bhain lena sochar scéime ceart a chinneadh agus a íoc.

Léiríonn an cás seo agus cásanna eile cosúil leis a cuireadh isteach chuig an Oifig an deacracht a d'fhéadfadh a bheith ag comhaltaí iarchurtha chun sochair a scéime a fhíorú agus íocaíocht a fháil. Le himeacht ama ó fhágtar seirbhís agus de bharr go ndúntar go leor cuideachtaí agus scéimeanna pinsin, bíonn sé deacair uaireanta sochair scéime a aimsiú fiú. Tá clár scéimeanna pinsin ag an Údarás Pinsean, ar a bhfuil sonraí teagmhála, agus is áit mhaith é sin le cuardach a thosú chun sochair scéimeanna iarchurtha a aimsiú.

Cás E: Rialú maidir le Teidlíocht Scéime

Tar éis bás a fir, rinne an gearánaí iarratas ar íocaíocht sochair óna scéim phinsin iarfhostaí. Dhiúltaigh an fostóir, ar é Iontaobhaí na Scéime freisin é, aon íocaíocht a dhéanamh de bharr nár cheart go n-áireofaí an fear básaithe mar chomhalta den scéim:- rinne sé argóint gur liostaíodh é de bhotún ann trí earráid riaracháin de chuid an bhróicéara.

De bharr nár éirigh leis an ngearánaí dúshlán a thabhairt don seasamh seo, thug sí an díospóid chuig an Údarás Pinsean, a chuir faoi bhráid m'Oifige é ansin.

Tar éis dom an cás a scrúdú bhunaigh mé na nithe seo a leanas:-

- moladh fear céile básaithe an ghearánaí mar cheann de chomhaltaí tionscnaimh na scéime pinsin agus leithdháileadh ranníocaíocht aonair ina leith dá bharr sin.
- D'íoc an fostóir an chéad agus an t-aon ranníocaíocht isteach sa scéim.
- Ní raibh comhaltacht na scéime pinsin coinníollach ar ranníocaíocht an fhostaí.
- Chuir an tÁrachóir cáipéisíocht na scéime ar fáil don fhostóir inar áiríodh sceideal comhaltachta tosaigh, ar ar liostaíodh fear céile básaithe an ghearánaí mar chomhalta scéime. Níor cheistigh ná níor thug an fostóir dúshlán de seo, ag an am.
- Go bliantúil ina dhiaidh sin, chuir an tÁrachóir ar fáil agus d'eisigh sé don fhostóir, Ráitis Sochair do chomhaltaí na scéime, lena n-áirítear iad siúd d'fhear céile básaithe an ghearánaí. Ba chosúil nár cuireadh iad seo ar aghaidh chuig na comhaltaí aonair. Arís, níor cheistigh an Chuideachta fear céile básaithe an ghearánaí a áireamh sa scéim phinsin.
- Nuair a d'fhág an fear céile fostaíocht na cuideachta, níor cuireadh é seo in iúl don bhróicéir á don árachóir agus níor cuireadh aon ráiteas sochair um fhágáil seirbhíse ar fáil dó.
- Níor cuireadh in iúl don bhróicéir gur fhág sé an scéim go dtí roinnt blianta ina dhiaidh sin agus moladh dóibh ansin nár chríochnaigh sé dóthain seirbhíse le bheith incháilithe do shochar scéime caomhnaithe. D'iarr an Chuideachta go ndéanfaí athdháileadh ar a shochar pinsin chuig sochar pinsin an Stiúrthóra Bainistíochta.
- D'ainneoin iarratais leis an gCuideachta, níor éirigh leis an mbróicéir an cháipéisíocht agus an fhaisnéis a fháil uathu lena bhunú cibé an raibh nó nach raibh teidlíocht um shochar caomhnaithe aige faoin scéim. Ní ghéillfeadh siad d'iarratas na Cuideachta chun airgead na scéime a athdháileadh. I scríbhinn chuig an gCuideachta, léirigh an bróicéir an dualgas a bhí orthu mar Iontaobhaí Scéime chun sonraí an iarfhostaí a dhearbhú agus lena chinneadh an raibh teidlíocht shochar caomhnaithe aige faoin scéim phinsin.
- Nuair a cuireadh in iúl dóibh ina dhiaidh sin faoina bhás, dhiúltaigh an Chuideachta aon sochar ón scéim phinsin a íoc, agus d'éiligh siad nach raibh aon teidlíocht ag fear céile básaithe an ghearánaí faoi agus gur amhlaidh gur liostaíodh é mar chomhalta trí earráid.
- Bhí seirbhís fágtha ag fear céile básaithe an ghearána níos mó ná 2 bhliain tar éis an dáta iontrála sa scéime faoina bhfuil an díospóid.

Agus cinneadh á dhéanamh ar an gcás seo, chinn mé go raibh fear céile básaithe an ghearánaí ina chomhalta tionscnaimh den scéim phinsin. Ó thaifid duillín pá agus chánacha, bhí mé in ann an dáta ar fhág sé seirbhís a bhunú agus d'aimsigh mé go raibh sé ina chomhalta sa scéim phinsin faoin am sin ar feadh níos mó ná an 2 bhliain is gá le cáiliú do shochar caomhnaithe faoi.

Threoraigh mé go ndéanfadh an bróicéir teagmháil dhíreach leis an ngearánaí lena eagrú go socrófaí sochar caomhnaithe na scéime dá fear céile básaithe.

Chinn mé gur theip ar na hIontaobhaithe a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh ar roinnt bealaí – thar aon ní eile mar gheall nár coinníodh taifid chearta, gur theip orthu Sochar Bliantúil agus Ráitis um Fhágáil Seirbhíse a chur ar fáil agus ná íoc siad sochair chomhalta. Tuairiscíodh na nithe seo don Údarás Pinsean.

OIFIG AN OMBUDSMAN PINSEAN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

CUID 4

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Clár Ábhair	Fochuid
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	1
Ráiteas Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean	2
Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach	3
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	4
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	5
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	6
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	7
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	8-12



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Oifig an Ombudsman Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoi Acht na bPinsean 1990, arna leasú. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas ar shreafaí airgeadais agus nótaí lena mbaineann. Réitíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 143 den Acht, arna leasú agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Tá an tOmbudsman Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a réiteach, as cinntiú go dtugtar amharc fíor agus cóir iontu agus as cinntiú go mbíonn idirbhearta rialta.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus feidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an RA agus Éire) agus de réir Chaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí an Bhoird Chleachtais Iniúchta.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil

Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun rathúnas réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sin tí chalaos nó earráid. Áirítear anseo an measúnú ar

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta ábhartha do chúinsí Oifig an Ombudsman Pinsean, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na dtoimhdí cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á réiteach, Bealtaine 2016 agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, sna ráitis airgeadais:

- tugtar amharc fíor agus cóir ar shócmhainní, dhlíteanais agus staid airgeadais na hOifige amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus caiteachais do 2015; agus réitíodh iad i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

•

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na hOifige le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Aontaíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Cúrsaí a Déanaim Tuairisciú trí Eisceacht orthu

Déanaim tuairisciú trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó má aimsim

- aon chás ábhartha nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha a bhí i gceist nó i gcás nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura léirítear sa ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh na hOifige leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má tá aon cheisteanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi go ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na ceisteanna sin a bhaineann le tuairisciú trí eisceacht.

Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An 23 Bealtaine 2016

Ráiteas Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Tá an tOmbudsman Pinsean freagrach as gach cuntas ceart agus gnách airgid a fuair agus a chaith sé a choinneáil de réir Alt 143(1) d'Acht na bPinsean, 1990 arna chur isteach ag Alt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú) 2002, i bhfoirm a bheadh faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In ullmhú na ráitis airgeadais seo, éilítear ar an Ombudsman:

Beartais cuntasáochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. Cinntí agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.

A rá cibé acu ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon difriú ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas más míchuí a réamh-mheas go leanfaidh an Oifig ag feidhmiú.

Tá an tOmbudsman freagrach as leabhair chearta cuntais a choinneáil, a léiríonn go fíor cothrom ag am ar bith staid airgeadais na hOifige agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 143(1) den Acht.

Tá an tOmbudsman freagrach freisin as sócmhainní na hOifige a shlánchoimeád agus as bearta réasúnta a ghlacadh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Paul Kenny
An tOmbudsman Pinsean**

An 17 Bealtaine 2016

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht as an gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach

Oifig bheag is ea Oifig an Ombudsman Pinsean inarbh ionann costais foirne agus seachfhoinsithe in 2015 agus 55% den chaiteachas iomlán.

Mar Ombudsman Pinsean, tá sé de fhreagracht orm a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas um rialú inmheánach éifeachtach. Féadfaidh aon chóras mar sin ráthaíocht réasúnach, ach ní iomlán, a thabhairt go bhfuil idirbhearta deimhnithe, údaraithe agus taifeadta i gceart, go bhfuil sócmhainní cosanta agus go gcoisctear nó go mbraitear ar bhonn tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Déanann an fhoireann ar fad san Oifig seo iarracht a chinntiú go bhfuil córas láidir um rialú airgeadais i bhfeidhm. Cuirtear faisnéis maidir le caiteachas ar fáil go rialta don bhainistíocht agus tá nósanna imeachta riaracháin trédhearcacha i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas trí chóras tarmligin soiléir.

Áirítear na nósanna imeachta seo a leanas sa chóras um rialú airgeadais:

Cuirtear meastachán bliantúil ar riachtanais airgeadais ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí a mhaoiníonn an Oifig.

Nuair a aontaítear buiséad don bhliain, réitítear próifíl mhíosúil chaiteachais.

Taifeadann an Oifig seo an caiteachas ar fad ar chóras cuntasáíochta mhórleabhar ginearálta na Roinne. Réitíonn brainse cuntas a Roinne tuairisc um chaiteachas míosúil agus cuirtear isteach chuig an Oifig é, áit a seiceáiltear agus a réitítear é in aghaidh na dtairfead atá san Oifig.

Réitítear agus scaiptear ráiteas míosúil caiteachais ina ndéantar comparáid idir an caiteachas iarbhír agus meastacháin ar bhail foirne agus déanaim féin athbhreithniú air.

Cuirtear tuarascáil ar fáil don Roinn dhá uair sa bhliain ina ndéantar comparáid idir caiteachas measta agus iarbhír.

Tá scaradh dualgais i bhfeidhm idir deimhniú, údarú agus déanamh íocaíochtaí. Déanann an Roinn gach íocaíocht phá (agus aon ríomh lena mbaineann) agus neamhphá.

Réitíonn cuideachta iniúchta neamhspleách na dréacht-chuntais bhliantúla sula gcuirtear isteach chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Feidhmíonn feidhm iniúchta inmheánach san Oifig, mar aon le nósanna imeachta airgeadais cáipéisithe agus mórleabhar mionairgid.

Ina theannta sin, tá feidhm iniúchta inmheánach ar fáil laistigh den Roinn Coimirce Sóisialaí. Clúdóidh aon iniúchadh ar fheidhm phá Rannach an chuid is mó de chaiteachas na hOifige seo. Déantar monatóireacht um rialú párolla ar bhonn míosúil.

1 Deimhním go ndearna mé athbhreithniú ar chóras um rialú inmheánach airgeadais na hOifige i rith na bliana 2015.




Paul Kenny, an tOmbudsman Pinsean
an 17 Bealtaine 2016

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

Ioncam	Nótaí	2015	2014
		€	€
Deontas Oireachtais	1(d)	876,836	934,861
Lúide Ranníocaíochtaí Aoisliúntais arna Aisíoc	9(a)	(5,334)	(6,476)
Glandeontas Oireachtais		<u>871,502</u>	<u>928,385</u>
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	9(c)	50,000	47,000
Ioncam Eile	2	96,811	63,837
Lúide Ioncam Eile arna Loghadh	2	(96,811)	(63,837)
Ioncam Iomlán		<u>921,502</u>	<u>975,385</u>
Caiteachas			
Caiteachas Margaíochta agus Próimisín		26,279	20,641
Costas Chomhairliúcháin		91,824	96,426
Luach Saothair	3	412,909	574,505
Táillí Dí		209,344	235,688
Caiteachas Oibriúcháin	4	132,270	71,956
Caiteachas Iomlán		<u>872,626</u>	<u>999,216</u>
Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh Leithreasáí		48,876	(23,831)
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitiúil	6	(40,731)	4,018
Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis Leithreasáí		8,145	(19,813)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2015		(26,999)	(7,186)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2015		<u>(18,854)</u>	<u>(26,999)</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 11 ina slánchuid de na ráitis



Paul Kenny
An tOmbudsman Pinsean

An 17 Bealtaine 2016


**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015	2014
		€	€
Barrachas/ (easnamh) tar éis leithreasáí		8,145	(19,813)
(Cailteanas)/gnóthachan taithí ar dhualgais shochar scoir		9d	(20,000)
	26,000		
Athruithe i dtoimhdí atá mar bhonn agus taca le luach reatha dualgais shochar scoir			
(Cailteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain	9b	(20,000)	26,000
Coigeartú le maoiniú sochair scoir		20,000	(26,000)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		8,145	(19,813)

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 11 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.



Paul Kenny
An tOmbudsman Pinsean

an 17 Bealtaine 2016

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2015

	Nóta	2015 €	2014 €
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Innealra agus Trealamh	5	48,984	8,253
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	7	8,217	9,353
Airgead tirim Cóibhéisí Airgead tirim		163	261
		<u>8,380</u>	<u>9,614</u>
Dliteanais Reatha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha	8	27,234	36,613
Glandliteanais Reatha		(18,854)	(26,999)
Sochair Scoir			
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha 9(d)		406,000	336,000
Dualgais shochair scoir 9(b)		<u>(406,000)</u>	<u>(336,000)</u>
Glansócmhainní Iomlána		<u>30,130</u>	<u>(18,746)</u>
A Léiríonn			
Cuntas Caipitiúil	6	48,984	8,253
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		(18,854)	(26,999)
		<u>30,130</u>	<u>(18,746)</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 11 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.

Paul Kenny
An tOmbudsman Pinsean
an 17 Bealtaine 2016

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	2015	2014
	€	€
Insreafaí glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Farasbarr an ioncaim thar chaiteachas	48,876	(23,831)
Dímheas	7,833	7,266
Caillteanas ar dhiúscairtí	3,699	-
Laghdú/(méadú) in infháltais	1,136	1,128
(Laghdú)/méadú i suimeanna iníoctha	<u>(9,379)</u>	<u>18,908</u>
Glansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí	<u>52,165</u>	<u>3,471</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta Íocaíochtaí chun maoin, innealra agus trealamh a fháil	<u>(52,263)</u>	<u>(3,248)</u>
Glan (laghdú)/mhéadú in airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim	<u>(98)</u>	<u>223</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim amhail an 1 Eanáir	<u>261</u>	<u>38</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim amhail an 31	<u>163</u>	<u>261</u>

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Beartais Chuntasáiochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasáiochta agus beartais shuntasacha cuntasáiochta arna nglacadh ag Oifig an Ombudsman Pinsean. Cuireadh i bhfeidhm ar fad iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

(a) Eolas Ginearálta

Comhlacht neamhspleách agus neamhchlaonta is ea Oifig an Ombudsman Pinsean, a bunaíodh in 2003, de bhun Chuid XI d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach ag Acht na bPinsean (Leasú) 2002. Is iad príomhchuspóirí Oifig an Ombudsman Pinsean, arna leagan amach san Acht, le scrúdú, iniúchadh agus cinneadh a dhéanamh ar bhealach neamhspleách, neamhchlaonta agus cothrom, maidir le gearáin agus díospóidí a bhaineann le scéimeanna pinsin gairmeacha, Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA) agus RACanna Iontaobhais, chun sásamh a dheonú, nuair is cuí.

Aonán um Leas an Phobail (PBE) is ea an tOmbudsman Pinsean.

(b) Ráiteas Comhlíonta

Réitíodh ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhmithe san RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo na chéad sraith ráiteas airgeadais arna réiteach ag Oifig an Ombudsman Pinsean de réir FRS 102. Is é an dáta aistriithe chuig FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Ní raibh aon tionchar ag an aistriú chuig FRS 102 ar a sheasamh airgeadais ná a fheidhmíocht airgeadais tuairiscithe.

(c) Bunús an Ullmhaithe

Réitíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, seachas sócmhainní agus dlíteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa arna mhíniú sna beartais chuntasáiochta thíos. Tá na ráitis chuntasáiochta san fhoirm arna fhaomhadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, arna fhoráil faoi Alt 143(1) d'Acht na bPinsean, 1990. Cuireadh na beartais chuntasáiochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean.

(d) Ioncam

Deontas Oireachtais

Léiríonn Deontas Oireachtais na híocaíochtaí iomlána a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí thar ceann na hOifige, i mbliain an chuntais. Cuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann na hOifige, maoiniú ar fáil d'Oifig an Ombudsman Pinsean. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a thabhaítear le Cuntas Leithghabhála na Roinne sin.

Ioncam Eile

Tugtar ioncam eile a bhaineann go príomha le bronnadh cúirte costais dlíthiúla i bhfabhar Oifig an Ombudsman Pinsean chuig an gcuntas ar bhonn fáltais airgid.

(e) Maoin, Innealra agus Trealamh

Luaitear maoin, innealra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí measta chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dhírigh thar a saoil úsáideacha measta, mar seo a leanas:

IT, Crua-earraí, Bogearraí agus Trealamh Oifige	20% Líne Dhíreach
Troscán agus Feistis	10% Líne Dhíreach

(f) Infháiltas

Aithnítear infháiltas ag luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Ní dhéantar aon fhoráil d'fhiacha amhrasacha.

(g) Sochair Ghearrthéarmacha

Shochair Fhostaí

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Suimeanna Iníochta sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

(h) Sochair Scoir

Déantar foráil scoir do chomhaltáí foirne na hOifige, ar Státseirbhísigh iad, faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Státseirbhíse sochar sainithe cuí. Baineann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair le státseirbhísigh nua arna gceapadh i bpoist inphinsin ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuileann fostaithe, agus taispeántar iad glan de ranniocaíochtaí pinsin foirne a loghadh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus arna sheach-chur le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Maoinítear na scéimeanna aoisliúntais ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil agus ó ranniocaíochtaí arna n-asbhaint ó thuarastail foirne. Bainistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí feidhm phárolla chomhaltáí foirne Oifig an Ombudsman Pinsean. Asbhaintear ranniocaíochtaí aoisliúntais fostaithe ó thuarastail agus loghann an Roinn Coimirce Sóisialaí iad.

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

1 Beartais Chuntasáiochta (ar lean)

Bhronn Alt 130 d'Acht na bPinsean, 1990 cumhacht ar an Aire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun foráil a dhéanamh do bhunú scéim aoisliúntais ar leith don Ombudsman Pinsean. Achtaíodh an reachtaíocht le tacú leis seo faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 433 de 2015, le dáta tosaithe an 28 Aibreán 2003.

Bhunaigh sé seo scéim sochar sainithe don Ombudsman Pinsean, ina dtomhaistear dlíteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach tríd an modh aonaid tuartha a úsáid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann an tOmbudsman Pinsean sa tréimhse agus taispeántar iad glan dá ranníocaíochtaí pinsin a choinníonn an Roinn Coimirce Sóisialaí. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus arna sheach-chur le deontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ó athruithe i dtiomhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh thaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Léiríonn Sochair Scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill an tOmbudsman go dáta. Léiríonn sochair scoir iarchurtha an sócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

(i) Breithnithe agus Meastacháin um Chuntasáiocht Chriticiúil

Chun na ráitis airgeadais a réiteach is gá don bhainistíocht breitheanna, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe i gcomhair sócmhainní agus dlíteanais amhail dháta an chlár chomhardaithe agus na méideanna tuairiscithe d'ioncain agus do chaiteachais i rith na bliana. Ach, mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh na torthaí deiridh a bheith éagsúil ó a meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáí ag na breithnithe seo a leanas ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an tOmbudsman athbhreithniú ar shaoil sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaineann gach aicme sócmhainn seasta, agus go háirithe, saol geilleagair agus luachanna iarmharacha úsáideacha daingneán agus feisteas, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saoil shócmhainní agus luachanna iarmharacha cúí.

Dualgas Shochair Scoir

Nuashonraítear go bliantúil na toimhdí atá mar bhonn agus taca le luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreocht chostas chúram sláinte) bunaithe ar choinníollacha gheilleagair reatha, agus as aon athruithe ábhartha le téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus phleananna iarscoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe a leanas ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí chorparáideacha ardchaighdeán
- (ii) treochtaí i ráta cúitimh amach anseo, coinníollacha sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) treochtaí i rátaí chostas chúram sláinte, boilsciú sa ráta chostas leighis sna réigiúin ábhartha.

(j) Cuntas Caipitiúil Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach neamh-amúchta an ioncain a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachais chaipitiúla.

(k) Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais Réitítear ráiteas ar shreafaí airgeadais de réir FRS 102 agus áirítear é ag leathanach 7.

2 Ioncam Eile

Baineann ioncam eile €96,811 (2014: €63,837) a fuarthas in 2015 le costais dlí a bhronn na Cúirteanna i ndáil le cásanna Achomhairc a tugadh in aghaidh Oifig an Ombudsman Pinsean. Loghadh an t-ioncam seo go hiomlán leis an Roinn Coimirce Sóisialaí mar Leithreasáí-i-gCabhair i mí na Nollag 2015 ach níor lóisteáil an Roinn iad amhail an 31 Nollaig 2015.

3 Luach Saothair

(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile

	2015	2014
	€	€
Pá agus Tuarastail	343,39	511,333
Costais Iasachta	23,468	18,042
Foirne Taisteal	1,380	4,606
Costais Sochar Scoir	9(a) 44,666	40,524
Iomlán	412,909	574,505

Asbhaineadh €34,089 (2014: 02,893) ar an iomlán ó thuarastail foirne trí asbhaintí a bhaineann le pinsean agus arna choinneáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

I rith an chuid is déanaí de 2014, tugadh beirt fhostaithe, agus ar feadh 2015 ar fad tugadh fostaí amháin, ar iasacht chuig Oifig an Ombudsman Pinsean ó Bhiúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

3 Luach Saothair (ar lean)
(b) Líon Fostaithe

Seo a leanas comhdhéanamh an mheánlíon fostaithe i rith na tréimhse

	2015	2014
An tOmbudsman	1	1
Foireann Riaracháin	5	7
	6	8

(c) Tuarastal an Ombudsman

	2015	2014
Tuarastal	€	€
	93,490	112,535

Ní bhfuair an tOmbudsman bónas a bhain le feidhmíocht agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná múnla scéim na státseirbhíse. Ó lúil 2015, laghdaigh an tOmbudsman Pinsean a am oibre go dtí 3 lá sa tseachtain, agus léirítear an laghdú sin ina thuarastal don bhliain 2015.

(d) Tuarastail Fostaithe os cionn €60,000 sa bhliain

Banda	2015 Líon Fostaithe	2014 Líon Fostaithe
€70,000 - €80,000	2	2
€90,000 - €100,000	1	
€110,000 - €120,000		1
	3	3

4 Caiteachas Oibriúcháin

	2015	2014
	€	€
Costais Ghinearálta	9,942	1,402
Postas agus Teileachumarsáid	7,431	10,137
Priontáil agus Stáiseanóireacht	4,168	12,210
IT/Innealra Oifige (Neamh-Shócmhainne)	9,216	14,176
Táille Iniúchta	10,500	8,000
Cothabháil	18,592	18,765
Cíos agus Táillí Seirbhíse	60,889	-
Dímheas	7,833	7,266
Caillteanas ar Aistrithe	3,699	-
	132,270	71,956

5 Maoin, Innealra agus Trealamh

	IT Crua-earraí, Bogearraí agus Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomlán
Costas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	120,248	152,714	272,962
Breiseanna		52,263	52,263
Aistrithe	(44,684)	(107,583)	(152,267)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015	75,564	97,394	172,958
Dímheas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015	(115,692)	(149,017)	(264,709)
Dímheas Cuntais ar Aistrithe ¹	44,684	103,884	148,568
Táille don bhliain	(2,607)	(5,226)	(7,833)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015	(73,615)	(50,359)	(123,974)
Glanluach Leabhair			
Ar an 1 Eanáir 2015	4,556	3,697	8,253
Glanghluaiseacht don bhliain	(2,607)	43,338	40,731
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015	1,949	47,035	48,984

¹Tráth ar bogadh Oifig go dtí 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, chuig Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2 i mBealtaine 2015, níos athlonnaigh Oifig an Ombudsman Pinsean sócmhainní nach raibh riachtanach ná oiriúnach a thuilleadh le húsáid sa suíomh Oifige nua. D'athlonnaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí ceann dá rannóga ó shin chuig 36 Sráid an Mhóta Uachtarach agus ghlac sí seilbh ar na sócmhainní seo.

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

6 Cuntas Caipitiúil

Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 **8,253**

Ceannachán Sócmhainní Seasta	52,263	
Amúchadh de réir Dímhéasa	(7,833)	
Cailteanas ar Aistrithe	(3,699)	
<hr/>		
Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Cuntas Chúlchistí Ioncaim Coinnithe		40,731
<hr/>		
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015		<u>48,984</u>

7 Infháltais

	2015	2014
Réamhíocaíochtaí	8.217	9.353

8 Suimeanna Iníoctha

	2015	2014
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	11,564	28,913
Táille Iníoctha	10,500	7,700
Tabhú Pá Saoire	5,170	
<hr/>		
	<u>27,234</u>	<u>36,613</u>

9 Costais Sochar Scoir

(a) Anailís ar na costais shochar scoir iomlána arna dtabhú leis an Ráiteas Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	2015	2014
Costas Reatha Seirbhíse	30,000	30,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Sochair Scoir	20,000	17,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(5,334)	(6,476)
<hr/>		
Cistí in-aisghabhála i ndáil le costais phinsin sa bhliain reatha	<u>44,666</u>	<u>40,524</u>

(b) Gluaiseacht i nglanliteanas sochair scoir i rith na bliana airgeadais

	2015	2014
Glanliteanas Sochair Scoir ar an 1 Eanáir	336,000	315,000
Costas Reatha Seirbhíse	30,000	30,000
Iar-chostas Seirbhíse		
Costas Úis	20,000	17,000
(Gnóthachan)/cailteanas Achtúireach	20,000	(26,000)
Pinsin arna n-íoc sa bhliain		
Glanliteanas Sochair Scoir ar an 31 Nollaig	<u>406,000</u>	<u>336,000</u>

(c) Maoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir

Aithníonn Oifig an Ombudsman Pinsean an mhéid seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn leis an dualgas neamh-mhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn na dtuairimí leagtha amach a ndéantar cur síos orthu ag (e) agus roinnt imeachtaí stairiúla. Áirítear leis na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun scéim shochair scoir a bhunú agus an beartas agus cleachtas i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin sa tseirbhís phoiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bhliantúil. Níl aon fhianaise ag Oifig an Ombudsman Pinsean nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh chun na suimeanna seo a shásamh de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir arna aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2015	2014
	€	€
Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais shochair scoir sa bhliain reatha	50,000	47,000
	<u>50,000</u>	<u>47,000</u>

B'ionann an sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2015 agus €406,000 (2014: €336,000).

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

9 Costais Sochar Scoir (ar lean)

(d) Stair na ndualgas sochar sainithe

	2015 €	2014 €	2013 €	2012 €	2011 €
Dualgais Shochair Shainithe Caillteanais/(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéim sochar sainithe	406,000	336,000	315,000	294,000	259,000
Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime	20,000	(26,000)	(25,000)	(9,000)	(8,000)
	-5%	-8%	-8%	-3%	-3%

(e) Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin um shochar sainithe deiridh is ea an scéim shochar scoir le sochair agus ranníocaíochta sainmhínithe trí thagairt do rialacháin scéime "mhúnla" reatha na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsin (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é an gnáthaois scoir 65ú breithlá baill, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Is iondúil go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) de réir bhoilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear do nochtaí FRS 102 ar an luacháil achtúireach a dhéanann achtúire neamhspleách cháilithe ag tabhairt riachtanais FRS san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2015.

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

	2015	2014
Ráta méadú i dtuarastail	2.50%	4.00%
Ráta méadú i bpinsean á n-íoc Ráta Lascaine	2.50%	4.00%
Ráta Boilscithe	2.35%	5.50%
	1.75%	2.00%

Ceadaíonn an bunús básmhaireachta a nglactar leis d'fheabhsúcháin in ionchas saoil thar am, ionas go mbraithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain ina sroicheann an ball aois scoir (aois 65). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil do bhaill a shroicheann 85 in 2014 agus 2015.

Blianta sroichte aois 65	2015	2014
Ionchas saoil - fireann	87	87
Ionchas saoil - baineann	90	90

10 Áitreabh

Ag réiteach don chónascadh pleanáilte, bhí sé i gceist go n-aistreofaí Oifig an Ombudsman Pinsean chuig an áitreabh céanna le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ag Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2, nuair a bheadh spás oifige breise ar fáil ansin. Ghlac Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais an léas don spás breise seo ón 1 Márta 2015, le 40% inmhuirir le hOifig an Ombudsman Pinsean. B'ionann na táillí cíosa agus seirbhíse iníoctha sa bhliain 2015 ag Oifig an Ombudsman Pinsean don áitreabh ag Plás Lincoln agus €60,889. Mar gheall ar an ngá le hathchóiriú agus suiteáil línte gutháin agus ríomhaire, ní dheachthas ar aghaidh leis an mbogadh go dtí deireadh Bhealtaine 2015. Go dtí sin, chuir Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) áitreabh ar fáil d'Oifig an Ombudsman Pinsean ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Léasaigh agus d'íoc an OPW as an gcóiríocht seo, gan costas ar bith ar Oifig an Ombudsman Pinsean.

11 Cónascadh le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

Mar chuid de Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, áiríodh Oifig an Ombudsman Pinsean ar liosta athbheithnithe criticiúil a d'fhéadfaí a chónascadh. Ghlac an Rialtas cinneadh in Aibreán 2013 chun Oifig an Ombudsman Pinsean a chónascadh le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Níor tosaíodh go fóill an reachtaíocht bheartaithe chun feidhm a thabhairt don chónascadh. Táthar ag súil go gcríochnófar an cónascadh faoi dheireadh 2016.